Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE

Ábhar:

PLEANÁIL LE HAGHAIDH FORBAIRT SCOILE AGUS BEARTÚ SPRIOCANNA

Uimhir Chiorcláin:
2010/04

Dáta eisiúna:
Meitheamh 2010

Sprioclucht léitheoireachta:

- Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí i ngach bunscoil agus iarbhunscoil dheontaschúnta
- Boird Oideachais agus Leabharlann
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil.
- An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe
- Foireann Forfheidhmithe an Údaráis Oideachais agus Scileanna;
- Ceardchumainn na Múinteoirí

Clár achomair:
Leagann an ciorclán seo amach an comhthéacs ginearálta do phleanáil le haghaidh forbairt scoile agus soláthraíonn eolas tagarmharcála do bheartú spriocanna.

Fiosrúcháin:

Cuirtear aon fhiosrúcháin mar gheall ar ábhar an Chiorcláin seo chuig:

Mr Chris Hutchinson
Foireann um Chaighdeáin agus Fheabhsú
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Giall
43 Bóthar Bhaile Aodha
Ráth Giall
BEANNCHAR BT19 7PR

Feasacht Gobarnóirí:
Riachtanach

Stádas an Ábhair:
Comhairle
Eolas do scoileanna
I

Cáipéisí gaolta:
Ciorcláin RO 1998/5 (bunscolaíocht)
"Beartú spriocanna agus tagarmharcáil "
Paca Feabhsaithe Scoile
"Beartú Spriocanna: Treoir do Bhunscoileanna"

Cáipéisí cealaithe:
2009/10

Dáta éaga:
Ní/Bh

Láithreán Gréasáin na RO:
http://www.deni.gov.uk

Teil: 028 9127 9927
Facs: 028 9127 9100

Cóipeanna breise:
Tel: 028 9127 9927

Intreoir: Feidhmíocht an Chórais Oideachais

1. Caithfidh gach Roinn, an Roinn Oideachais san áireamh, spriocanna feidhmíochta a bheartú (i gComhaontuithe Seirbhíse Poiblí) mar pháirt dá socrú airgeadais don tréimhse 2008 go 2011. Tá achoimre ar na spriocanna oideachais in Iarscríbhinn1. Léirítear feidhmíocht reatha trí na figiúirí is déanaí atá ar fáil (2008/09).

2. Baineann na staitisticí seo leis an chóras ina iomlán agus insuite iontu tá éagsúlacht mhór san fheidhmíocht i scoileanna aonaracha. Cé gur féidir i roinnt cásanna bearnaí san fheidhmíocht a mhíniú trí fhachtóirí lasmuigh den scoil, go háirithe leibhéil mhíbhuntáiste, is léir go bhfuil bearnaí móra i bhfeidhmíocht scoileanna a bhfuil na tréithe céanna iontu a bheag ná a mhór.

3. Cé gur léir go bhfuil dul chun cinn déanta, taispeánann na figiúirí go bhfuil géarghá le feabhsú leantach sa ghnóthachtáil oideachasúil fud fad an chórais. Baineann na spriocanna seo le meánfheidhmíocht ar fud na scoileanna. Tosaíonn ardú caighdeán le gach uile dhalta i ngach uile scoil agus mar sin de is éigean do gach uile scoil a cion féin a dhéanamh trí fheabhsú bliain ar bhliain. Ar ardú na feidhmíochta iomláine agus ar chúngú na bearna idir na daltaí is airde gnóthachtáil agus is ísle gnóthachtáil, agus idir na daltaí is mó agus is lú míbhuntaiste, atá an bhéim.

4. Leagann an ciorclán seo amach an t-eolas bliantúil don tagarmharcáil le cuidiú le scoileanna agus iad ag gabháil don tagarmharcáil. Soláthraíonn sé fosta eolas ar an chomhthéacs ghinearálta a gcaithfidh scoileanna machnamh a dhéanamh air agus iad ag athbhreithniú a bPleananna Forbartha Scoile.

Feabhsú Scoile

5. Is é “Gach scoil ina scoil mhaith: Polasaí um Fheabhsú Scoile” a seoladh 30 Aibreán 2009, an croípholasaí le haghaidh ardú na feidhmíochta iomláine agus chúngú na bearna sa ghnóthachtáil. Treisíonn sé seo go bhfuil gach uile scoil freagrach as a feabhsú féin.

6. Ag croí an pholasaí tá féinmheastóireacht, úsáid sonraí feidhmíochta agus eolais eile a mbeidh féinfheabhsú marthanach mar thoradh air. Ba cheart go soláthródh féinmheastóireacht éifeachtach, agus na gníomhartha a dhéantar dá barr, feabhsú oideachasúil do na daltaí uile go léir. Tabharfaidh sonraí ag leibhéal na scoile agus an dalta eolas don fhéinmheastóireacht, agus do thagarmharcáil na feidhmíochta le scoileanna eile a bhfuil tréithe cosúla iontu. Tabharfaidh na sonraí tacaíocht don phleanáil chun feabhsaithe ag leibhéal an dalta, an ranga, na hEochairchéime agus na scoile iomláine. Is cuid bhunúsach den phróiseas a bhaineann le pleanáil le haghaidh forbairt scoile í an fhéinmheastóireacht agus léireoidh na Pleananna Forbartha Scoile na gníomhartha agus na spriocanna a leanfaidh í.

Pleanáil le haghaidh Forbairt Scoile

7. Caithfidh scoileanna cloí leis na riachtanais dhlíthiúla reatha do Phleanáil le hAghaidh Forbairt Scoile, ar a n-áirítear an dualgas atá orthu cóip dá bPlean a chur chuig an Bhord Oideachais agus Leabharlann/CCMS. Tá an Roinn ag athbhreithniú na riachtanas a bhaineann le pleanáil le haghaidh forbairt scoile, agus soláthróidh sí ábhar treorach athbhreithnithe ar fhéinmheastóireacht agus ar phleanáil le haghaidh forbairt scoile.

8. Tá iachall ar scoileanna de réir reachtaíochta a spriocanna féin chun feabhsuithe a bheartú, spriocanna litearthachta agus uimhearthachta san áireamh. Caithfear iad seo a chur sa Phlean Forbartha Scoile.

Beartú Spriocanna

9. Caithfidh spriocanna a bheith dúshlánach ach ina dhiaidh sin insroichte. Agus iad ag gabháil do bheartú spriocanna, ba cheart do scoileanna réimse fachtóirí a chur san áireamh. Orthu sin, tá:

    I. treochtaí feidhmíochta sa scoil le blianta beaga anuas;

II. gnóthachtáil roimhe seo i ngach blianghrúpa;
III. an comhthéascs ina bhfuil an scoil ag feidhmiú agus mar atá sí i gcomparáid le soileanna faoi chúinsí cosúla;
IV. na tosaíochtaí a beartaíodh sa Phlean Forbartha Scoile.

10. Soláthraíonn Iarscríbhinn 2 den chiorclán seo eolas tagarmharcála do scoileanna. Socraíodh na sonraí sa dóigh go dtig le scoileanna an fheidhmíocht a bhí acu le déanaí a chur i gcomhthéacs agus iad féin a chur i gcomparáid le scoileanna ina bhfuil comhréireanna cosúla daltaí atá i dteideal béilí scoile saor in aisce (FSM).

11. Chomhairligh Ciorcláin 2010/06 agus 2009/15 de chuid na RO faoi shocruithe san idirthréimhse ag baint le riachtanais mheasúnaithe agus tuairiscithe. Cuireadh comhairle ar scoileanna leanúint ag soláthar eolais do CCEA ar na torthaí measúnaithe i dTeanga agus Litearthacht agus i Matamaitic agus Uimhearthacht trí na tuairiscíní leibhéil atá ann anois ag deireadh Eochairchéime. Ba cheart do scoileanna leanúint ar aghaidh ag baint úsáid as na tuairiscíní leibhéil seo agus iad ag beartú a spriocanna san idirthréimhse.

12. Nuair a fhágas dalta scoil, tá ceangal dlíthiúil ar an scoil atá sé a fhágáil taifead foirmiúil de dhul chun cinn agus de ghnóthachtáil acadúil an dalta a chur ar aghaidh; caithfear iad seo a sholáthar taobh istigh de 15 lá do phríomhoide nó do Bhord Gobharnóirí na scoile a mbeidh an dalta ag dul isteach inti. Ba cheart go mbeadh san áireamh, sonraí deireadh Eochairchéime, go háirithe do dheireadh Eochairchéim 2 (agus do dheireadh Eochairchéim 3 san áit a mbeidh dalta ag aistriú go dtí ardscoil shinsearach), mar go mbaintear úsáid as na sonraí seo mar chuid de na háirimh mhaoinithe d'iarbhunscoileanna.

Úsáid éifeachtach sonraí – Forbairtí san am atá le teacht

13 Tiomnaíonn Gach Scoil ina Scoil Mhaith don Roinn a chinntiú go mbeidh teacht níos fusa ag scoileanna ar shonraí, agus go gcuirfear tacaíocht ar fáil lena n-úsáid go héifeachtach le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar dhul chun cinn daltaí agus ranganna aonaracha. Is é a dhéanfas an Roinn chun é seo a chur i gcrích:

i) obair a thionscnamh le tomhas breisluacha comhthéacsúil a fhorbairt, le húsáid taobh le sonraí feidhmíochta eile le feidhmíocht scoileanna a mheas.

ii) Iachall a chur ar BOL/ESA clár oiliúna a fhorbairt do ghobharnóirí, do phríomhoidí agus do mhúinteoirí agus tosú ar a sheachadadh le taca a chur faoi úsáid éifeachtach sonraí.

14. Lena chois sin, beidh ollstór sonraí ríomhScoileanna ag feidhmiú ó Mheán Fómhair 2009. Cuideoidh sé seo le scoileanna i dtaca le féinmheastóireacht agus feabhsú scoile de agus cumasóidh sé iad le heolas feidhmíochta a aimsiú, treochtaí a shainaithint agus le hiad féin a chur i gcomparáid le scoileanna atá cosúil leo féin. Tugann Ciorclán Roinne 2009/04 tuilleadh eolais faoi ríomhScoileanna.

15. San idirlinn, moltar do scoileanna an t-eolas sa chiorclán seo, eolas i bhfeasacháin staitisticí na Roinne; agus eolas atá á choinneáil sa scoil a úsáid le treochtaí a mheas agus le tosaíochtaí gníomhaíochta a shainaithint.

16. Chomhairligh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna go dtig leis an bhearna sa ghnóthachtáil i scoileanna bheith leathan agus mar sin moltar do scoileanna anailís a dhéanamh ar na sonraí atá ar fáil taobh istigh de ranganna, de bhlianghrúpaí agus d'Eochairchéimeanna lena aithint cá háit a bhféadfaí gníomhú leis an scéal a fheabhsú.

17. Cuireadh cóip den Chiorclán seo ar Láithreán Gréasáin na RO [http://www.deni.gov.uk]. Ba cheart aon fhiosrú faoi shonraí 2008/09 nó faoina gciallú a chur chuig **Ms Patricia Wyers nó Mr Gavin King, Statistics and Research Branch,** ag an seoladh thíos. Is iad na huimhreacha gutháin ná 028 9127 9252 or 028 9127 9259.

18. Ba cheart aon fhiosrú faoi ghnéithe eile den Chiorclán seo a chur chuig **Mr Chris Hutchinson, School Improvement Branch,** uimhir ghutháin 028 9127 9927.

Chris Hughes (Dr)
An Fhoireann um Chaighdeáin agus Feabhsú

Iarscríbhinn 1

SPRIOCANNA UM CHOMHAONTÚ SEIRBHÍSE POIBLÍ

Sprioc:
Faoi 2011, 90% de lucht fágála scoile ag gnóthú leibhéal GCSE A* - G (nó a chomhionann) sa Bhéarla agus i matamaitic [PSA 19] (Bonnlíne: Suirbhé Lucht Fágála Scoile 2005-06 = 85%)

Feidhmíocht reatha
In 2008/09, 88% de lucht fágála scoile ag gnóthú GCSE A* - G (nó a chomhionann) sa Bhéarla agus i matamaitic.

Sprioc:
Faoi 2011, 68% de dhaltaí ag gnóthú ar a laghad 5+ GCSE A*-C faoin am a bhfágann siad an scoil. [PSA 19] (Bonnlíne: Suirbhé Lucht Fágála Scoile 2005-06 = 64%)

Feidhmíocht reatha
In 2008/09, d'fhág 70% de dhaltaí an scoil agus 5 GCSE nó níos mó acu ag Gráid A*-C nó a chomhionann.

Sprioc:
Faoi 2011, 55% de dhaltaí ag gnóthú 5+ GCSE A*-C ar a n-áirítear Béarla agus matamaitic faoin am a bhfágann siad an scoil. [PSA 19] (Bunlíne: Suirbhé Lucht Fágála Scoile 2005-06 = 54%)

Feidhmíocht Reatha
In 2008/09, ghnóthaigh 58% de lucht fágála na scoile 5 GCSE (A*-C) nó níos mó, ar a n-áirítear an Béarla agus matamaitic.

Sprioc:
Faoi 2011, ar a laghad 30% de dhaltaí FSME ag gnóthú 5+ GCSE A*-C nó a chomhionann ar a n-áirítear Béarla agus matamaitic faoin am a bhfágann siad an scoil. [PSA 10 agus 19] (Bunlíne: 2005-06 = 26%)

Feidhmíocht Reatha
In 2008/09, ghnóthaigh 30% de dhaltaí FSME 5 GCSE(A*-C) nó níos mó ar a n-áirítear an Béarla agus matamaitic.

Sprioc:
Faoi 2011, laghdaigh go dtí 1.5% de dhaltaí bhliain 12 nach bhfuil aon cháilíocht acu ag leibhéal GSCE A*-G ná a chomhionann. [PSA 19] (Bunlíne: Achoimre ar Thorthaí Scrúduithe 2005-06 = 3%)

Feidhmíocht Reatha
In 2008/09, d'fhág 1% de dhaltaí an scoil gan aon cháilíocht ag GCSE A*-G ná a chomhionann.

Sprioc:
Faoi 2011, 65% de dhaltaí A-Leibhéil ag gnóthú 3+ A-Leibhéal ag Gráid A-C nó a chomhionann i mBliain 14. [PSA 19] (Bonnlíne: Achoimre ar Thorthaí Scrúduithe 2005-06 = 63%)

Feidhmíocht Reatha
In 2008/09, ghnóthaigh 64% de dhaltaí Bhliain 14, 3 A-Leibhéal ag A-C nó níos mó

Sprioc:
Faoi 2011, méadaigh go 95%, an ráta rannpháirtíochta san oideachas lánaimseartha nó in oiliúint ina measc siúd atá 16-17 mbliana d'aois. (Bonnlíne: Rannpháirtíocht san oideachas lánaimseartha agus sa ghairmoideachas ina measc siúd a bhí 16 agus 17 mbliana d'aois i dTuaisceart Éireann 2005/06 = 87%.)

Feidhmíocht Reatha
In 2008/09, bhí 87% díobh siúd a bhí 16 -17 mbliana d'aois san oideachas lánaimseartha nó in oiliúint.